AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.8.2023
COM(2023) 500 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Tuarascáil bhliantúil ar oibríochtaí cabhrach daonnúla an Aontais Eorpaigh a maoiníodh in 2022

CLÁR ÁBHAR

Réamhrá 2

An comhthéacs domhanda ar laistigh de a sheachadtar cúnamh 2

Seachadadh cabhrach daonnúla leordhóthanaigh agus éifeachtaigh do phobail dá ndearnadh difear 6

Athbhreithniú ar aon mheasúnú seachtrach arna dhéanamh ar oibríochtaí sonracha 9

NAISC ÁBHARTHA 11

Réamhrá

Leis an tuarascáil seo cuirtear i láthair príomhghníomhaíochtaí agus príomhthorthaí beartais an Aontais in 2022 i réimse na cabhrach daonnúla, arna ndéanamh trí Ard-Stiurthóireacht na Cosanta Sibhialta Eorpaí agus na nOibríochtaí Eorpacha um Chabhair Dhaonnúil (AS ECHO) den Choimisiún Eorpach. Ullmhaítear í de bhun Airteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 ón gComhairle an 20 Meitheamh 1996 maidir le cabhair dhaonnúil, lena gceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle agus achoimre ag gabháil léi ar na hoibríochtaí a maoiníodh le linn na bliana roimhe sin.

Is é sainordú Ard-Stiurthóireacht na Cosanta Sibhialta Eorpaí agus na nOibríochtaí Eorpacha um Chabhair Dhaonnúil (AS ECHO) **cuidiú le beatha a shábháil agus a chaomhnú, fulaingt an duine a chosc agus a laghdú, agus sláine agus dínit an duine sna pobail dá ndéantar difear de dheasca guaiseacha nádúrtha nó tubaistí arb é an duine is cúis leo**, a tharlaíonn laistigh nó lasmuigh den Aontas Eorpach, a chosaint. Faoin gcuspóir uileghabhálach coiteann sin, gníomhaíonn AS ECHO mar dheontóir cabhrach daonnúla agus freagróir éigeandála an Aontais agus chomh maith leis sin gníomhaíonn sé mar chomhordaitheoir agus éascaitheoir oibríochtaí cosanta sibhialta ar leibhéal an Aontais trí Shásra Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM).

Soláthraíonn an tAontas – trí AS ECHO – cabhair dhaonnúil do dhaoine i ngátar ar fud an domhain, bunaithe ar phrionsabail dhaonnúla **na daonnachta, na neamhchlaontachta, an neamhspleáchais agus na neodrachta** – a fhréamhaítear in Airteagal 214 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ([1]) – agus sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil chomh maith leis sin ([2]) . Dáiltear cabhair dhaonnúil an Aontais gan aird a thabhairt ar aon chlár oibre polaitiúil agus leis sin féachtar, gan eisceacht, le cuidiú leo sin is mó atá i ngátar, gan beann ar a náisiúntacht, a reiligiún, a n-inscne, a dtionscnamh eitneach nó ar a gcleamhnacht pholaitiúil.

An comhthéacs domhanda ar laistigh de a sheachadtar cúnamh

Ar an iomlán, sa bhliain 2022 ba shuntasach an tionchar a bhí ag **cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine**, rud a chruthaigh tubaiste dhaonnúil gan fasach ar thalamh na hEorpa. Dá dheasca sin, d'eagraigh an tAontas oibríocht cabhrach daonnúla mhór agus an oibríocht freagartha cosanta sibhialta is mó, is faide agus is casta ó cruthaíodh UCPM. Is é a bhí ann sin ná **deis chinniúnach shuntasach** maidir leis an mbealach a bhfuil cabhair dhaonnúil agus freagairtí cosanta sibhialta fite fuaite ina chéile, a bhuí leis an **bhfreagairt gan fasach ó** na 27 mBallstát uile den Aontas agus ceithre stát rannpháirteacha UCPM ([3]) ar an sásra.

Lean an staid dhaonnúil de bheith ag dul go mór in olcas freisin i roinnt mhaith codanna eile den domhan, de dheasca coinbhleacht agus éiginnteacht mharthanach, thionchar an athraithe aeráide, rialachas teipthe, thionchar marthanach COVID-19, agus ráigeanna eipidéimeolaíocha eile, agus chomh maith leis sin de dheasca thionchar indíreach chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, as ar tháinig **leibhéil riachtanas daonnúil gan fasach.** Leis an athbhreithniú is déanaí ó Oifig na Náisiún Aontaithe (NA) um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla (OCHA) dar teideal Global

([1]) EUR-Lex - 12016ME/TXT - EN - EUR-Lex (europa.eu)

([2]) Comhráiteas ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát a bhí ag cruinniú laistigh den Chomhairle, de Pharlaimint na hEorpa, agus den Choimisiún Eorpach (2008/C 25/01)

([3]) An Íoslainn, an Mhacadóin Thuaidh, an Iorua agus an Tuirc

Humanitarian Overview 2022 ([4]) measadh go raibh cabhair dhaonnúil agus cosaint de dhíth ar 326 mhilliún duine ag deireadh 2022, méadú 30,4 % i gcomparáid le 2021. An meathlú breise a tháinig ar an staid dhaonnúil san Afganastáin, san Aetóip agus sa tSúdáin, nó na tubaistí mórscála a tharla le linn mhíonna an tsamhraidh, amhail na tuillte millteacha i mBuircíne Fasó i Sead, i Hondúras nó sa Phacastáin, níl na nithe sin ach ar bheagán de na roinnt mhaith samplaí sofheicthe atá ann den mhéadú marthanach ar riachtanais dhaonnúla. Leis na hacmhainní a bhí ar fáil chun tacú le gníomhaíocht dhaonnúil níor coimeádadh suas leis na riachtanais sin a bhí ag forbairt go mear – go deimhin **is amhlaidh a leathnaigh an bhearna idir riachtanais agus cistiú daonnúil domhanda** a thuilleadh in 2022, rud a mhéadaigh ó dhifríocht USD 11,3 billiún idir ceanglais agus cistí a slógadh ag deireadh 2021, chuig bearna USD 18,3 billiún ag deireadh 2022 ([5]) .

Thairis sin, is minic a sheachadtar cabhair dhaonnúil faoi imthosca an-deacair, arb iad na saintréithe atá acu **dothuarthacht, luaineacht agus éiginnteacht**. Tarlaíonn do limistéir choinbhleachta a bheith ann agus imíonn siad i léig, agus bíonn siad de shíor ag claochlú, rud a fhágann gur riosca slándála suntasach iad le haghaidh líonra allamuigh AS ECHO (50 oifig, 160 foireann idirnáisiúnta agus 300 foireann náisiúnta) agus na foirne ar misean, agus go gcuireann siad bac ar chabhair dhaonnúil a sheachadadh ar na daoine atá i ngátar cabhrach daonnúla, agus sin de dheasca rochtain shrianta nó **rochtain dhiúltaithe**. Tá tionchar aige sin freisin ar na rialuithe atá le déanamh (i.e. faireachán allamuigh ar ghníomhaíochtaí cistithe agus iniúchtaí ar an láthair) agus na measúnuithe ar riachtanais dhaonnúla chomh maith leis sin. D'fhág na **sáruithe méadaitheacha ar an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta** (DDI) go raibh sé níos deacra agus níos contúirtí fós cabhair dhaonnúil a sheachadadh.

D'ainneoin na **ndúshlán** sin, **d'éirigh le AS ECHO a chuspóirí a bhaint amach**, i gcomhréir leis na tosaíochtaí agus na príomhghníomhaíochtaí a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Gníomhaíocht Dhaonnúil an Aontais *New challenges, same principles* [Dúshláin nua, na prionsabail chéanna] a glacadh i mí an Mhárta 2021 ([6]). **Lean an tAontas de bheith ina phríomhdheontóir daonnúil domhanda**, agus cabhair dhaonnúil á soláthar aige in 83 thír, ar bhealach prionsabálta bunaithe ar riachtanais, lena gcumhdaítear sciar 8,2 % den chistiú iomlán a shlógtar sa chóras daonnúil domhanda ([7]). Tá sé d'aidhm ag an Aontas a áirithiú go mbeidh cistiú ar fáil chun cúnamh a thabhairt don oiread daoine atá i ngátar sa líon is mó tíortha agus is féidir, agus go soláthrófar freagairt ghasta, éifeachtúil agus chuimsitheach.

Bhí **buiséad daonnúil críochnaitheach 2022** cothrom le **EUR 2,6 bhilliún**, rud a chuir ar a chumas do AS ECHO idiragairt ní hamháin i ngéarchéimeanna daonnúla mórscála – amhail an Úcráin, an tSiria, an Afganastáin nó an Aetóip – ach freisin i ngéarchéimeanna a ligeadh i ndearmad/a ndearnadh faillí orthu, i.e. na cinn sin de chineál géar agus fadtréimhseach nach dtarraingíonn aird na meán, agus inarb amhlaidh go bhfuil leibhéal na cabhrach idirnáisiúnta chuig na pobail dá ndéantar difear neamh-leordhóthanach, amhail i Háití nó sa ghéarchéim Róihinse.

([4]) UN OCHA, Global Humanitarian Overview 2022, Tabhairt cothrom le dáta mhí na Nollag (Léargas ón 31 Nollaig 2022), an 10 Eanáir 2023.

([5]) UN OCHA, Global Humanitarian Overview 2022 agus UN OCHA, Global Humanitarian Overview 2021, Tabhairt cothrom le dáta mhí na Nollag (Léargas ón 31 Nollaig 2021), an 17 Eanáir 2022.

([6]) TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le gníomhaíocht dhaonnúil an Aontais: *new challenges, same principles* [TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le gníomhaíocht dhaonnúil an Aontais: dúshláin nua, na prionsabail chéanna] (COM(2021) 110 final)

([7]) Córas Rianaithe Airgeadais na Náisiún Aontaithe, Achoimre ar an Athbhreithniú ar Chistiú Domhanda 2022.

Bhí buiséad daonnúil tosaigh 2022 socraithe ag EUR 1 794,4 milliún ([8]) (lena n-áirítear tús-ualú ón gCúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála (SEAR) arbh fhiú EUR 211 mhilliún é). Fuarthas atreisiúcháin bhuiséid éagsúla ar feadh na bliana, de thionscnamh na bhfoinsí seo a leanas:

- SEAR chun géarchéimeanna éagsúla a chumhdach, lena n-áirítear an Úcráin agus an meathlú domhanda ar neamhshlándáil bia (EUR 539 milliún)([9]) ;
- Athdháiltí ó ionstraimí Cheannteideal VI chun freastal do na riachtanais de dheasca chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus a éifeachtaí cascáideacha (EUR 134,8 milliún);
- *Virement Aide Humanitaire* (VAH – Airt. 30(2) FR); a leithdháileadh le haghaidh Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC) (EUR 2,3 milliún);
- An Ciste Eorpach Forbraíochta (EUR 145,5 milliún)([10]) ; Ioncam athshannta (EUR 3,8 milliún).

Le hIarscríbhinn I soláthraítear forbhreathnú ar an mbuiséad a leithdháileadh ar na príomh-ghéarchéimeanna a cumhdaíodh le gníomhaíochtaí AS ECHO in 2022. Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhghníomhaíochtaí sna réigiúin éagsúla den domhan mar a leanas:

- **An Afraic Thiar agus an Afraic Láir:** i gcomhthéacs riachtanais mhéadaitheacha, leithdháil AS ECHO níos mó ná EUR 175 mhilliún dá bhuiséad tosaigh chun aghaidh a thabhairt ar neamhshlándáil bia agus míchothú, soláthar bunseirbhísí sóisialta a áirithiú (sláinte, oideachas, uisce agus sláintíocht) agus tacú le hullmhacht maidir le tubaistí i Lár na Saiheile, Imchuach Loch Shead, Iarthuaisceart agus Iardheisceart Chamarún, Iarthuaisceart na Nigéire agus Poblacht na hAfraice Láir. D'fhéach AS ECHO freisin le comhlíontacht le DDI a chur chun cinn agus cosaint pobal sibhialta agus oibrithe cabhrach daonnúla a áirithiú. Slógadh atreisiúcháin, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar neamhshlándáil bia, agus bhí buiséad críochnaitheach de níos mó ná EUR 330 milliún don réigiún mar thoradh air sin.
- **An Afraic Thoir agus Deisceart na hAfraice:** Bhí an réigiún faoi thionchar coinbhleachtaí agus staide daonnúla a bhí ag meathlú go suntasach, sa tSúdáin, in PDC, i gCorn na hAfraice (an tSomáil, an Aetóip, an Chéinia) an tSúdáin Theas agus Mósaimbíc go príomha. Rinneadh difear do roinnt mhaith limistéar freisin de dheasca triomaigh ghéara nó an tséasúir chioclónaigh dhéin i réigiún Dheisceart na hAfraice agus an Aigéin Indiaigh (Madagascar/Mósaimbíc) go háirithe, arb é a tháinig as sin staid neamhshlándála bia ghinearálaithe agus cailliúint slí beatha. Méadaíodh an buiséad tosaigh de EUR 294 mhilliún chuig níos mó ná EUR 540 milliún, rud a chuir ar a chumas do AS ECHO aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin agus ar riachtanais dhaonnúla phráinneacha eile sa réigiún.
- **An Afraic Thuaidh, an Iaráic agus Leithinis na hAraibe:** Gheall AS ECHO EUR 128 milliún chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais pobal easáitithe san Afraic Thuaidh agus san Iaráic, agus orthu sin dá ndearnadh difear de dheasca na coinbhleachta in Éimin, lena gcumhdaítear réimsí amhail uisce, sláintíocht agus sláinteachas, bia agus cothú, oideachas agus sláinte. A bhuí le cistiú breise, lenar atreisíodh an fhreagairt ar an

([8]) Ní áirítear leis an méid sin caiteachas tacaíochta (línte BA). Agus an caiteachas sin san áireamh, bhí an méid tosaigh le haghaidh na hionstraime iomláine cothrom le EUR 1 806,06 milliún in 2022.

([9]) Lena n-áirítear EUR 39 milliún a tugadh anonn ó 2021.

([10]) Arna mhaoiniú ón 10ú agus ón 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta.

gcoinbhleacht in Éimin go príomha, bhíothas in ann leithdháileadh críochnaitheach EUR 215 mhilliún a bhaint amach le haghaidh an réigiúin seo.

- **An Meánoirthear:** Leithdháil AS ECHO buiséad tosaigh de EUR 197 milliún chun cúnamh tarrthála a sheachadadh ar na milliúin daoine dá ndearnadh difear sa tSiria agus chun bunriachtanais pobal easáitithe agus dídeanaithe san Iordáin agus sa Liobáin a chumhdach, chomh maith le Liobánaigh leochaileacha, ionas go mbeadh buiséad críochnaitheach EUR 240 milliún ar fáil ag deireadh 2022. Sa Phalaistín([11]) , lean AS ECHO de bheith ag freagairt do na riachtanais dhaonnúla a tháinig as an bhforghabháil leanúnach agus an dúnadh a forchuireadh ar Stráice Gaza. Mhéadaigh an buiséad le haghaidh géarchéim den sórt sin ó EUR 25 mhilliún chuig EUR 26,5 milliún le linn 2022.
- **Oirdheisceart na hEorpa, Comharsanacht an Oirthir agus an Tuirc:** Bhí gníomhaíocht dhaonnúil sa réigiún go mór faoi thionchar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, rud a thosaigh an 24 Feabhra 2022. Atreisíodh an cistiú tosaigh de EUR 27 milliún a leithdháileadh ar an Úcráin, na Balcáin Thiar agus réigiún Chomharsanacht an Oirthir ionas go mbeidh breise agus EUR 529 milliún ar fáil. As an méid sin, rannchuidíodh EUR 485 mhilliún chun nach mór 16 mhilliún den 17.7 milliún Úcránach a raibh cabhair dhaonnúil de dhíth orthu, agus leithdháileadh EUR 38 milliún chun cuidiú leis na dídeanaithe de chuid na hÚcráine a theith chuig Poblacht na Moldóive; soláthraíodh cúnamh freisin do theaghlaigh óstacha de chuid na Moldóive. Sa Tuirc, lean an Coimisiún de bheith ag tacú le dídeanaithe leochaileacha a raibh thacaíocht dhaonnúil de dhíth orthu a bhuí le cistiú a bhí cothrom le EUR 125 mhilliún. Thairis sin, i mí Dheireadh Fómhair 2022 tugadh Clár suaitheanta an Aistrithe Choinníollaigh Airgid le haghaidh Oideachais (CCTE) go rathúil do AS NEAR, i gcomhréir leis an straitéis naisc idir an daonnúlach agus an fhorbairt.
- **An Áise agus an tAigéan Ciúin:** Leithdháil AS ECHO níos mó ná EUR 114 mhilliún ar an réigiún i dtosach in 2022, agus riachtanais na bpobal a bhí easáitithe de dheasca ghabháil an Talaban in 2021 san Afganastáin á spriocdhíriú, chomh maith le riachtanais na ndaoine dá ndearnadh difear de dheasca an coup d'état in 2021 i Maenmar, lena n-áirítear na Róihinsí, agus riachtanais dhídeanaithe na Róihinse sa Bhanglaidéis. Thacaigh an tAontas agus a Bhallstáit leis an bPacastáin go substaintiúil tar éis na dtuilte millteacha i mí an Mheithimh 2022 agus lena measúnú ar riachtanais agus lena creat téarnaimh a dhréachtú i ndiaidh na tubaiste chomh maith leis sin. Thug an Coimisiún aghaidh freisin ar na riachtanais a eascraíonn as coinbhleacht Mindanao agus as tubaistí nádúrtha sna hOileáin Fhilipíneacha. Bhí an buiséad críochnaitheach le haghaidh an réigiúin seo ag deireadh 2022 cothrom le EUR 313 mhilliún.
- **Críocha Mheiriceá agus Muir Chairib:** Dhírigh gníomhaíochtaí an Choimisiúin ar fhaoiseamh a sholáthar do dhaoine dá ndearnadh difear de dheasca na géarchéime inmheánaí agus réigiúnaí i Veiniséala, na coinbhleachta armtha sa Cholóim chomh maith leis an bhforéigean eagraithe forleatach i Háití, Meiriceá Láir agus Meicsiceo. Leo sin tugadh freagairt freisin ar riachtanais dhaonnúla daoine easáitithe ar fud na hilchríche agus tacaíodh leis an ullmhacht maidir le tubaistí. Leithdháil an Coimisiún breis agus EUR 74 mhilliún ar dtús ar an réigiún agus méadaíodh é go dtí EUR 155 mhilliún ag deireadh na bliana.

([11]) Ní dhéanfar an t-ainmniú seo a fhorléiriú mar aitheantas ar stát na Palaistíne agus tá sé gan dochar do sheasaimh éagsúla na mBallstát ar an gceist sin.

Go ginearálta, ní sheachadann AS ECHO a chabhair dhaonnúil go díreach ach comhlíonann sé a shainordú trí chistiú a sholáthar do thart ar 200 comhpháirtí (áirítear an liosta iomlán in Iarscríbhinn II). In 2022, dáileadh cistiú ar chomhpháirtithe AS ECHO mar a leanas: 38,6 % ar Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna), 49,6 % ar ghníomhaireachtaí NA, 11,2 % ar eagraíochtaí idirnáisiúnta agus 0,6 % ar eagraíochtaí rialtasacha.

Seachadadh cabhrach daonnúla leordhóthanaigh agus éifeachtaigh do phobail dá ndearnadh difear

In 2022 rannchuidigh AS ECHO go suntasach le cabhair dhaonnúil leordhóthanach agus éifeachtach a sheachadadh ar fud an domhain. Chun troid ar son **an iltaobhachais agus ord domhanda riailbhunaithe** trí ról níos gníomhaí agus guth níos láidre le haghaidh an Aontais ar domhan, ghlac AS ECHO páirt ghníomhach in abhcóideacht dhaonnúil agus beartas a mhúnlú ar an leibhéal Eorpach agus domhanda. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis na gealltanais a rinneadh faoin **Mórmhargadh** ([12]) a chur chun feidhme, go háirithe maidir le cistiú solúbtha, measúnuithe comhpháirteacha agus neamhchlaonta ar riachtanais, agus simpliú an tuairiscithe, agus an sprioc dheiridh ann chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht na freagartha daonnúla a fheabhsú.

Lean AS ECHO de bheith ag rannchuidiú le **Cistí Comhthiomsaithe Tírbhunaithe** [13], chun **cistiú a leithdháiltear ar bhonn áitiúil** agus úsáid an chistithe nach bhfuil curtha in áirithe a chur chun cinn a thuilleadh. Thairis sin, mhéadaigh AS ECHO a abhcóideacht agus a fhor-rochtain le haghaidh iarracht mhaoiniúcháin dhaonnúil a bhí feabhsaithe go substaintiúil agus comhroinnt níos fearr ar fhreagracht i measc deontóirí, lena n-áirítear na Ballstáit. Rinne sé na **Comhpháirtíochtaí Cláir** ([14]) níos fadtéarmaí le heagraíochtaí roghnaithe de chuid NA agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta roghnaithe a neartú a thuilleadh, chun bealaí oibre níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a thástáil, le linn a bheith ag ullmhú do rolladh amach na samhla in 2023. Ar na samplaí de Chomhpháirtíochtaí Cláir nuálacha tá an ceann lena dtacaítear le Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD), an clár um chosc ar sháruithe DDI (3 bliana, curtha in áirithe go réidh, EUR 10 milliún in aghaidh na bliana), agus an ceann lena dtacaítear le Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg (IFRC) agus an clár oibre maidir le leithdháileadh cistithe ar bhonn áitiúil (clár iltíre, ilearnála uaillmhianach 3 bliana, EUR 67 milliún in aghaidh na bliana).

I mí Feabhra 2022 seoladh an **Beartas Lóistíochta Daonnúla** ([15]), a raibh sé de phríomhchuspóir aige beathaí a shábháil trí éifeachtúlacht, éifeachtacht agus tionchar níos fearr maidir le hoibríochtaí daonnúla. Mar chuid den bheartas sin, is é atá san **Acmhainneacht Freagartha Daonnúla Eorpach** (EHRC), ([16]) a seoladh i mí an Mhárta 2022, uirlisí oibríochtúla a dearadh chun tacaíocht mhear ach shealadach a sholáthar do chomhpháirtithe chun bearnaí sa fhreagairt dhaonnúil a líonadh, agus éifeachtacht agus costéifeachtúlacht níos fearr á n-áirithiú an tráth céanna maidir le seachadadh cabhrach. Ar na hionstraimí áirítear soláthar **seirbhísí lóistíochta coiteanna** do chomhpháirtithe daonnúla i bhfoirm oibríochtaí iompair idirnáisiúnta agus intíre (ar fud modhanna iompair éagsúla, lena n-áirítear Aerdhroichead Daonnúil (HAB) agus Eitilt um Chabhair Dhaonnúil an Aontais), toilltí stórasaithe, stoc-chairn éigeandála, agus tacaíocht

([12]) An Mórmhargadh
([13]) An Afganastáin, an tSúdáin Theas agus Veiniséala
([14]) Comhpháirtíochtaí Cláir
([15]) Doiciméad beartais téamach AS ECHO: *Humanitarian logistics policy* [Beartas lóistíochta daonnúla]
([16]) AS ECHO: Bileog fíricí maidir leis an Acmhainneacht Freagartha Daonnúla Eorpach (EHRC)

agus comhordú lóistíochta eile, chomh maith le saineolas leighis. In 2022 d'imscar an Coimisiún 9 n-oibríocht EHRC i Madagascar (faoi dhó), an Úcráin, an Mholdáiv, an tSomáil, an Afganastáin, Mósaimbíc, Uganda agus Buircíne Fasó. Ina theannta sin, lean na hoibríochtaí Eitilte um Chabhair Dhaonnúil ar aghaidh sa Chéinia, in PDC agus i Mailí. Eagraíodh 60 eitilt HAB AE, lenar tacaíodh le 24 chomhpháirtí i gceithre thír (an Afganastáin, an tSomáil, Madagascar agus Poblacht na Moldáive), agus 842 thona d'ábhar daonnúil á n-iompar. Ar deireadh, san Úcráin agus i bPoblacht na Moldáive, eagraíodh 660 oibríocht iompair ar bóthar agus osclaíodh trí thrádstóras, lenar tacaíodh le 49 gcomhpháirtí dhaonnúla. Leithdháileadh EUR 23,5 milliún in 2022 ar na gníomhaíochtaí sin.

Bhain AS ECHO lánúsáid as a **Bhosca Uirlisí Éigeandála,** comhdhéanta den Uirlis Phráinnfhreagartha Mhór Ghéar (ALERT), an Uirlis eipidéimí, an Uirlis mhionscála agus an Ciste Éigeandála maidir le Freagairt do Thubaistí (DREF), agus cabhair dhaonnúil éigeandála ar an gcéad líne arbh fhiú EUR 36,5 milliún í á soláthar do ghéarchéimeanna a thosaigh go tobann nach bhféadfaí foráil a dhéanamh maidir leo ina phleananna cur chun feidhme daonnúla. Seo a leanas roinnt samplaí de leithdháileadh na gcistí: úsáideadh an uirlis mhionscála agus ALERT ina dhiaidh sin le haghaidh na freagartha láithrí ar na tuillte lena ndearnadh difear don Phacastáin; le haghaidh na gcioclón trópaiceach sna hOileáin Fhilipíneacha, Madagascar, Mósaimbíc agus Cúba, agus le haghaidh na gcreathanna talún san Afganastáin agus sna hOileáin Fhilipíneacha chomh maith leis sin; leis an Uirlis eipidéimí tacaíodh leis an bhfreagairt ar ghalar víreas Ebola in Uganda agus leis an bhfreagairt ar chalar sa Liobáin, sa tSiria, i Háití, sa Nigéir agus sa Mhaláiv. D'athshlánaigh AS ECHO 67 n-oibríocht DREF arna gcur chun feidhme ag IFRC in 52 thír, lena n-áirítear i ndáil leis an ngéarchéim ocrais san Afraic, agus le tuillte agus creathanna talún san Áise Thoir Theas agus i Meiriceá Theas.

Thairis sin, in 2022 lean AS ECHO de bheith ag obair **ar bheartais agus treoraíocht lena leagtar amach seasamh an Choimisiúin maidir le príomh-shaincheisteanna,** agus moltaí coincréiteacha á soláthar dá chomhpháirtithe cur chun feidhme, chun cáilíocht, comhleanúnachas agus cuntasacht a áirithiú maidir le hoibríochtaí daonnúla arna maoiniú ag an Aontas.

A mhéid a bhaineann le **cúnamh bia, cothú agus cosc gorta**, réimsí ina raibh an staid níos measa fós de dheasca éifeachtaí díreacha chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine mar gheall ar praghsanna méadaithe ar bhia, fuinneamh agus leasacháin, mhéadaigh AS ECHO a chúnamh go suntasach go dtí níos mó ná EUR 1 bhilliún (i.e. os cionn 75 % níos mó ná in 2021). Bhí AS ECHO lárnach freisin chun straitéis chuimsitheach Fhreagairt Fhoireann na hEorpa a chur ar bun agus a éascú, rud a ghlac an tAontas agus a Bhallstáit i mí an Mheithimh 2022. Thairis sin, leis an tuairisciú faoin gCreat Cuntasaíochta maidir le Cothú le haghaidh Fáis ([17]) deimhnítear go bhfuil AS ECHO agus an tAontas ar an mbóthar ceart chun gealltanas 2021 ó Fhoireann na hEorpa a chomhlíonadh maidir le tacú le cuspóirí cothaithe agus buiséad EUR 4,2 billiún ar a laghad ann go dtí 2024.

In 2022, tacaíodh le tionscadail lenar spriocdhíríodh ar an **tsláinte** mar earnáil phríomhúil agus beagnach EUR 300 milliún ann. I bhfianaise castacht mhéadaithe géarchéimeanna daonnúla, agus cineál fadtréimhseach ag baint le roinnt mhaith díobh, bhí sé de phríomhchuspóir fós ag an gcúnamh a áirithiú go dtabharfar aghaidh leordhóthanach ar bhunriachtanais sláinte trí chur chuige atá bunaithe ar riachtanais, il-earnálach agus i gcomhréir le cúrsaí sláinte a chuimsiú i ngach réimse beartais. Thug AS ECHO tosaíocht

([17]) Tuarascáil 2022 maidir le Cothú Domhanda - An Tuarascáil maidir le Cothú Domhanda

freisin do chosc, ullmhacht agus freagairt i gcás eipidéime/paindéime, faoi stiúir ag na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19, agus béim ar leith á cur ar rochtain chothromasach ar chúram ardcháilíochta agus frithbhearta leighis i dtíortha ísealioncaim agus suíomhanna daonnúla. Lena chois sin, thacaigh AS ECHO le gnéithe trasearnála den bheartas sláinte domhanda, chun cur chuige iomlánaíoch a sholáthar go háirithe sna réimsí a bhaineann le tacaíocht mheabhairshláinte agus shíceasóisialta, sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo, agus sláinte agus easáitiú.

In 2022, lean AS ECHO dá abhcóideacht phoiblí chórasach trí ráitis phoiblí agus idirghabhálacha maidir le **DDL** i bhfóraim iltaobhacha. Chomheagraigh AS ECHO imeacht ardleibhéil ar an imeall agus sin ar imeall Sheachtain Aireachta Chomhthionól Ginearálta NA maidir le cuntasacht a chur chun cinn le haghaidh sháruithe DDI, go háirithe foréigean gnéis agus inscnebhunaithe. Bhí DDI le brath go mór freisin ag an gcéad Fhóram Daonnúil Eorpach i mí an Mhárta 2022. Lean AS ECHO de bheith ag tacú le hoibrithe daonnúla agus cúraim sláinte agus leis an earnáil oideachais a chosaint ar ionsaithe agus gníomhaíochtaí curtha chun feidhme le haghaidh leanaí atá bainteach le coinbhleacht armtha agus lean sé den mhéid sin a mholadh freisin. D'éascaigh AS ECHO comhordú gníomhartha ábhartha de chuid an Aontais, go háirithe tríd an nGrúpa Idirsheirbhíse maidir le DDI, agus thacaigh sé le taidhleoireacht dhaonnúil níos láidre ón Aontas. Chuir AS ECHO cistiú ar fáil freisin do thionscadail a bhaineann le DDI, go háirithe agus tacaíocht á tabhairt don chlár ICRC um Sháruithe DDI a chosc trína chéad Chomhpháirtíocht Cláir théamach.

I gcomhthéacs sáruithe leanúnacha ar DDI agus na rioscaí agus na gcásanna foréigin, díothachta agus mí-úsáide forleathana i ngéarchéimeanna an lae inniu, choinnigh AS ECHO **cosaint**ar bun mar thosaíocht, agus inscne agus aois á bpríomhshruthú ar fud na n-earnálacha idirghabhálacha uile, agus an cur chuige maidir le hinscne agus foréigean inscnebhunaithe i ngéarchéimeanna daonnúla á leagan amach sa Doiciméad Inmheánach Oibre *Gender: Different Needs, Adapted Assistance* [Inscne: Riachtanais Éagsúla, Cúnamh Oiriúnaithe] ([18]). Lean AS ECHO de bheith ina chomhalta gníomhach maidir leis an nGairm chun Gnímh i ndáil le Cosaint ar Fhoréigean Inscnebhunaithe i gCásanna Éigeandála [19] agus thuairiscigh sé ar na gealltanais a rinneadh maidir le Treochlár 2021-2025 ([20]) . Thairis sin, mhéadaigh AS ECHO a fhócas ar fhoréigean gnéis a bhaineann le coinbhleacht mar fhreagairt ar bharúlacha i ngéarchéimeanna éagsúla a bhí ann le déanaí agus atá leanúnach. I gcomhréir le Stratéis 2021 um Chearta an Linbh ([21]), neartaigh AS ECHO a ghníomhaíochtaí le haghaidh cosaint leanaí, lena n-áirítear le gníomhaíochtaí abhcóideachta. Thug AS ECHO aird shonrach freisin ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndaoine faoi mhíchumas, i gcomhréir leis an Treoraíocht maidir le Daoine faoi Mhíchumas a Áireamh in Oibríochtaí Cabhrach Daonnúla arna Maoiniú ag an Aontas agus leis an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030.

Lean AS ECHO de bheith ag cur béim ar **oideachas i gcásanna éigeandála** (EiE), agus a ghealltanas á choinneáil ar bun aige chun infheistiú san oideachas ar an leibhéal uaillmhianach de 10 % den bhuiséad cabhrach daonnúla bliantúil tosaigh de chuid an Aontais. In 2022, bhí an infheistíocht iomlán in EiE cothrom le níos mó ná EUR 220 milliún, agus ba é an aidhm a bhí léi ná cúnamh a thabhairt do níos mó ná 6 mhilliún leanbh agus déagóir óg trí thacaíocht oideachais dhíreach nó indíreach.

([18]) https://ec.europa.eu/echo/files/policies/sectoral/gender_thematic_policy_document_en.pdf
([19]) https://www.calltoactiongbv.com/
([20]) https://www.calltoactiongbv.com/what-we-do
([21]) COM(2021) 142 final.

A mhéid a bhaineann le **haistrithe airgid thirim daonnúla** ([22]), d'fhoilsigh AS ECHO a bheartas i mí an Mhárta 2022, agus é á scaipeadh go forleathan chun cáilíocht agus éifeachtúlacht clár airgid a mhéadú. Leis an mbeartas sin léirítear mórathrú maidir le haistrithe airgid thirim agus cosaint shóisialta a nascadh agus cumasaítear sineirgí le príomhfhorbairtí i réimse an digitithe agus glasaithe cabhrach daonnúla. I dteannta na Stát Aontaithe (An Biúró um Chabhair Dhaonnúil agus an Biúró um an Daonra, Dídeanaithe agus Imirce), rinne AS ECHO ionadaíocht d'Fhóram Airgid Thirim na nDeontóirí sa chácas maidir le comhordú airgid faoi Mhórmhargadh 2.0. D'fhormhuinigh an Buanchoiste Idirghníomhaireachta (IASC) an tsamhail nua, agus ba mhór an chéim é sin san ailtireacht chomhordúcháin dhaonnúil, lena n-áirítear rannpháirtíocht láidir ó ghníomhartha áitiúla.

Maidir **leis an athrú aeráide agus díghrádú comhshaoil,** rinne AS ECHO a fhreagairt dhaonnúil a oiriúnú tuilleadh do na riachtanais mhéadaitheacha agus athraitheacha. Cuirtear rioscaí aeráide san áireamh anois in oibríochtaí daonnúla. Foilsíodh Íoscheanglais Chomhshaoil agus treoraíocht chomhlachaithe in 2022 ([23]) chun an lorg carbóin agus an damáiste don chomhshaol a bhaineann le cabhair dhaonnúil a laghdú. Soláthraíodh cúnamh teicniúil agus tacaíocht do chomhpháirtithe agus foireann AS ECHO, chun breithnithe comhshaoil a chomhtháthú in oibríochtaí cabhrach daonnúla AS ECHO agus in oibríochtaí a chomhpháirtithe. Thairis sin, neartaigh AS ECHO a thacaíocht tuilleadh le haghaidh ullmhacht maidir le tubaistí ([24]), lena gcuirtear chun cinn ullmhacht ilghuaiseacha agus gníomhaíocht réamh-mheasta. In 2022, leithdháileadh EUR 77 milliún ar ghníomhaíochtaí ullmhachta spriocdhírithe (féach Iarscríbhinn I le haghaidh níos mó mionsonraí) agus in 32 % d'oibríochtaí daonnúla arna maoiniú ag an Aontas áiríodh eilimintí d'ullmhacht maidir le tubaistí ([25]).

D'fhorbair AS ECHO meascán de ghníomhaíochtaí cumarsáide a raibh sé d'aidhm aige sin ardleibhéal tacaíochta poiblí agus taca pholaitiúil a choinnigh ar bun le haghaidh cabhair dhaonnúil agus cosaint shibhialta ón Aontas, bunaithe ar insint dhlúthpháirtíocht an Aontais. Mar shampla, d'fhoilsigh AS ECHO sraith preaseisiúintí lárnacha agus áitiúla agus d'atosaigh sé ar a shraith rathúil de chuairteanna allamuigh le hiriseoirí Eorpacha, chomh maith le turais le haghaidh iriseoirí a bhí ag tionlacan Choimisinéir Lenarčič. Reáchtáil AS ECHO feachtais feasachta éagsúla in 2022 amhail 'Nasc Aeráide', lena léirítear tionchar daonnúil an athraithe aeráide, agus níos mó ná 36 mhilliún duine óg á sroicheadh sna Ballstáit.

Athbhreithniú ar aon mheasúnú seachtrach arna dhéanamh ar oibríochtaí sonracha

Tá seirbhísí meastóireachta an Choimisiúin freagrach as an bhfeidhm mheastóireachta a stiúradh, a chomhordú, as faireachán a dhéanamh uirthi agus as í a thuairisciú. Soláthraíonn siad torthaí meastóireachta tráthúla, ardcháilíochta chun fianaise a áirithiú le haghaidh cinnteoireacht eolasach agus cuntasachta. Is féidir leis na meastóireachtaí a bheith geografach, téamach nó dírithe ar chomhpháirtíocht shonrach. Le hIarscríbhinn III

([22]) Doiciméad Beartais Téamach Uimh. 3 ó AS ECHO: *Cash Transfers* [Aistrithe Airgid Thirim]
([23]) guidance on the operationalisation of the mers for eu-funded humanitarian aid operations.pdf (europa.eu)
([24]) Agus an cur chuige a glacadh in 2021 á chur chun feidhme (Nóta Treorach ó AS ECHO i ndáil le hUllmhacht maidir le Tubaistí)
([25]) Díorthaíonn an figiúr sin as modheolaíocht athbhreithnithe, nach mbraitheann ach ar an tuairisciú ó Chomhpháirtithe Daonnúla an Aontais agus is féidir nach n-áireofar iarrachtaí príomhshruthaithe ullmhachta in earnálacha oibríochtaí eile leis.

soláthraítear liosta de na meastóireachtaí a rinneadh in 2022 agus de mheastóireachtaí leanúnacha.

NAISC ÁBHARTHA

- Faisnéis ghinearálta maidir le AS ECHO:
  http://ec.europa.eu/echo/en

- Faisnéis airgeadais maidir le gníomhaíochtaí cabhrach daonnúla an Choimisiúin Eorpaigh in 2022:
  Cinntí maoiniúcháin (HIPanna) 2022 (europa.eu)

- Faisnéis oibríochtúil ó bhlianta roimhe sin:
  An Chosaint Shibhialta Eorpach agus Oibríochtaí um Chabhair Dhaonnúil | An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

- Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí 2022, AS ECHO:
  Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí 2022 – An Chosaint Shibhialta Eorpach agus Oibríochtaí um Chabhair Dhaonnúil (ECHO) (europa.eu)

- Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht 2022:
  Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht 2022 (europa.eu)

- Tuarascálacha meastóireachta AS ECHO:
  https://ec.europa.eu/echo/funding-evaluations/evaluations_en

- Sonraí cistiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh agus na mBallstát maidir le cabhair dhaonnúil: https://webgate.ec.europa.eu/hac/